CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/1107 ÓN gCOIMISIÚN

an 5 Iúil 2021

maidir le haitheantas a thabhairt do shocruithe dlí, maoirseachta agus forfheidhmiúcháin Hong Cong, i dtaca le hidirbhearta a dhéantar faoi mhaoirseacht an Hong Cong Monetary Authority, mar shocruithe atá coibhéiseach le ceanglais áirithe a leagtar síos in Airteagal 11 de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le díorthaigh thar an gcuntar, contrapháirtithe lárnacha agus stórtha trádála

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2012 maidir le díorthaigh thar an gcuntar, contrapháirtithe lárnacha agus stórtha trádála ([1]), agus go háirithe Airteagal 13(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Foráiltear in Airteagal 13 de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 maidir le sásra lena dtugtar cumhacht don Choimisiún cinntí coibhéise a ghlacadh lena ndearbhaítear go bhfuil socruithe dlí, maoirseachta agus forfheidhmiúcháin tríú tír coibhéiseach leis na ceanglais a leagtar síos in Airteagail 4, 9, 10 agus 11 de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ionas, i dtaca leis na contrapháirtithe a dhéanann idirbheart faoi raon feidhme an Rialacháin sin, i gcás ina mbeidh ceann amháin ar a laghad de na contrapháirtithe bunaithe sa tríú tír sin, go measfar go mbeidh na ceanglais sin comhlíonta ag na contrapháirtithe sin trí na ceanglais a leagtar amach i gcóras dlí na tíre sin a chomhlíonadh. Leis an dearbhú coibhéise rannchuidítear le haidhm uileghabhálach Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 a bhaint amach, eadhon an riosca sistéamach a laghdú, trédhearcacht mhargaí na ndíorthach a mhéadú trína áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm go comhsheasmhach ar an leibhéal idirnáisiúnta na prionsabail a comhaontaíodh le tríú tíortha agus a leagtar síos sa Rialachán sin.

(2) Le hAirteagal 11(1), (2) agus (3) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, Rialachán a fhorlíontar le Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 149/2013 ón gCoimisiún ([2]) agus le Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/2251 ón gCoimisiún ([3]), bunaítear ceanglais dlí an Aontais maidir le conradh díorthach thar an gcuntar a dheimhniú go tráthúil, le feidhmiú comhbhrú punainne a dhéanamh agus leis na socruithe ar dá réir a dhéantar punanna a réiteach i ndáil le conarthaí díorthach thar an gcuntar nach bhfuil imréitithe ag contrapháirtí lárnach ("CPL"). Ina theannta sin, leagtar síos sna forálacha sin na hoibleagáidí luachála agus na hoibleagáidí maidir le réiteach díospóidí is infheidhme maidir leis na conarthaí sin ("teicnící um maolú riosca oibríochtúil") chomh maith leis na hoibleagáidí maidir le comhthaobhacht ("éarlaisí") a mhalartú idir contrapháirtithe.

(3) Chun go measfar córas dlí, maoirseachta agus forfheidhmiúcháin tríú tír a bheith coibhéiseach le córas an Aontais i leith teicnící um maolú riosca oibríochtúil agus ceanglais éarlaisí, ní mór toradh substainteach na socruithe dlí, maoirseachta agus forfheidhmiúcháin is infheidhme a bheith coibhéiseach le ceanglais de chuid an Aontais a leagtar síos in Airteagal 11 de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, agus ní mór cosaint a áirithiú don rúndacht ghairmiúil atá coibhéiseach leis an rúndacht ghairmiúil dá bhforáiltear in Airteagal 83 den Rialachán sin. Ina theannta sin, ní mór socruithe coibhéiseacha dlí, maoirseachta agus forfheidhmiúcháin a chur i bhfeidhm go héifeachtach ar bhealach cothromasach agus neamhshaofa sa tríú tír sin. Dá bhrí sin, is cuid den mheasúnú ar choibhéis é a fhíorú, i dtaca leis na socruithe dlí, maoirseachta agus forfheidhmiúcháin i dtríú tír, go n-áirithítear leis na socruithe sin nach bhfágann conarthaí díorthach thar an gcuntar nach bhfuil imréitithe ag CPL agus a dhéanann contrapháirtí amháin ar a laghad atá bunaithe sa tríú tír sin, nach bhfágann na conarthaí sin margaí airgeadais san Aontas ar neamhchosaint, ar leibhéal riosca is airde, agus, dá réir sin, nach mbaineann leibhéil riosca shistéamaigh atá neamh-inghlactha san Aontas leis na conarthaí díorthach thar an gcuntar sin.

([1]) IO L 201, 27.7.2012, lch. 1.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 149/2013 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2012 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i dtaca le caighdeáin theicniúla rialála maidir le socruithe imréitigh indírigh, maidir leis an oibleagáid imréitigh, leis an gclár poiblí, le rochtain ar ionad trádála, le contrapháirtithe neamhairgeadais, agus le teicnící um maolú riosca le haghaidh conarthaí díorthach thar an gcuntar nach bhfuil imréitithe ag CPL (IO L 52, 23.2.2013, lch. 11).

([3]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/2251 ón gCoimisiún an 4 Deireadh Fómhair 2016 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le díorthaigh thar an gcuntar, contrapháirtithe lárnacha agus stórtha trádála i dtaca le caighdeáin theicniúla rialála maidir le teicnící um maolú riosca le haghaidh conarthaí díorthach thar an gcuntar nach bhfuil imréitithe ag contrapháirtí lárnach (IO L 340, 15.12.2016, lch. 9).

(4) An 1 Deireadh Fómhair 2013, fuair an Coimisiún comhairle theicniúil ón Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí ("ESMA") maidir leis na socruithe dlí, maoirseachta agus forfheidhmiúcháin i Hong Cong ([4]), agus fuarthas, mar chuid de sin, comhairle maidir leis na teicnící um maolú riosca oibríochtúil is infheidhme maidir le conarthaí díorthach thar an gcuntar nach bhfuil imréitithe ag CPL. I gcomhairle theicniúil ESMA, is é conclúid ar tháinig sé air, ós rud é go raibh Hong Cong fós i mbun bailchríoch a chur ar a chóras rialála i dtaca leis an oibleagáid imréitigh, le contrapháirtithe neamhairgeadais agus le teicnící um maolú riosca maidir le conarthaí neamh-imréitithe, nach raibh Hong Cong in araíocht anailís chinntitheach iomlán a dhéanamh ná comhairle theicniúil a chur ar fáil maidir leis na hábhair sin.

(5) Chuir an Coimisiún san áireamh na forbairtí rialála a rinneadh i Hong Cong ó bhí 2013 ann agus rinne sé anailís chomparáideach ar na ceanglais dlí, mhaoirseachta agus forfheidhmiúcháin is infheidhme i Hong Cong. Agus maidir le toradh na gceanglas sin agus a leordhóthanacht maidir le maolú na rioscaí a eascraíonn ó chonarthaí díorthach nach bhfuil imréitithe ag CPL, rinne sé measúnú go bhféadfaí a mheas go bhfuil siad sin coibhéiseach le toradh na gceanglas ábhartha a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 648/2012.

(6) Na socruithe dlí, maoirseachta agus forfheidhmiúcháin is infheidhme maidir le "hinstitiúidí údaraithe" ("AInna") (mar a shainmhínítear in alt 2(1) den Banking Ordinance ("BO"), ar a n-áirítear bainc cheadúnaithe, bainc lena ngabhann ceadúnas srianta, agus cuideachtaí glactha taiscí) i Hong Cong i dtaca le hidirbhearta ar chonarthaí díorthach nach bhfuil imréitithe go lárnach, leagtar amach iad in Supervisory Policy Manual, i modúl CR-G-14 de dar teideal *Non-centrally Cleared OTC Derivatives Transactions – Margin and Other Risk Mitigation Standards* [Idirbhearta Díorthach Thar an gCuntar Nach bhFuil Imréitithe go Lárnach – Caighdeán maidir le hEarlais agus le Maolú Riosca Eile] (*the Policy Manual* [an Lámhleabhar Polasaí]) de chuid an *Hong Kong Monetary Authority* [Údarás Airgeadaíochta Hong Cong] ("HKMA"), ar treoirlíne reachtúil é a eisíodh faoi alt 7(3) de BO. Faoi BO, is é príomhfheidhm atá ag HKMA cobhsaíocht ghinearálta agus feidhmiú éifeachtach an chórais baincéireachta a chur chun cinn trí rialáil a dhéanamh ar ghnó baincéireachta agus ar ghnó glactha taiscí, agus trí mhaoirseacht a dhéanamh ar AInna agus ar a ngníomhaíochtaí gnó. Is é cuspóir an Lámhleabhair Polasaí íoschaighdeáin a bhfuil coinne ag HKMA go nglacfaidh AInna iad i ndáil le héarlaisí agus le teicnící eile um maolú riosca le haghaidh idirbhearta díorthach thar an gcuntar nach bhfuil imréitithe go lárnach. Foilsíodh an Lámhleabhar Polasaí den chéad uair an 27 Eanáir 2017 agus ansin rinneadh é a nuashonrú an 11 Meán Fómhair 2020. Tá roinnt ceanglas de chuid an Lámhleabhair Pholasaí faoi réir céimnithe isteach i gcomhréir leis an gcreat idirnáisiúnta agus tá siad ailínithe leis an gcéimniú isteach atá ann cheana i Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/2251. Mura gcomhlíontar an treoirlíne reachtúil, féadfaidh sé go ngníomhachtófar athbhreithniú ar na critéir údaraithe a leagtar amach sa Seachtú Sceideal de BO agus sa cháil sin, i dtaca le toradh na treoirlíne reachtúla, agus i gcomhthéacs an chinnidh seo, féadfar a mheas é a bheith coibhéiseach le ceanglas dlí.

(7) Tá feidhm ag an Lámhleabhar Polasaí maidir le díorthaigh nach bhfuil imréitithe go lárnach, cé is moite d'idirbhearta réamh-mhalairte agus babhtálacha airgeadraí eachtracha, idirbhearta airgeadraí eachtracha arna leabú i mbabhtálacha trasairgeadra a bhaineann le malartú príomhshuime, idirbhearta réamh-mhalairte tráchtearraí a shocraítear go fisiceach agus, go dtí go bhfógrófar a mhalairt, roghanna aonstoic nach bhfuil imréitithe go lárnach, roghanna bascaed cothromais agus roghanna innéacs cothromais. Chun críocha an Lámhleabhair Polasaí, is é an rud dá dtagraíonn "táirge díorthach nach bhfuil imréitithe go lárnach" táirge díorthach thar an gcuntar (mar a mhínítear in alt 1B, Cuid 1 de Sceideal 1 de *Securities and Futures Ordinance* [Reacht Um Urrúis agus Todhchaí], ("SFO")) nach bhfuil imréitithe trí chontrapháirtí lárnach (mar a mhínítear in alt 2(1) de na *Banking (Capital) Rules* [Rialacha Caipitil Baincéireachta]). An sainmhíniú sin ar "dhíorthach nach bhfuil imréitithe go lárnach", ba cheart a mheas go bhfuil sé coibhéiseach leis an sainmhíniú ar dhíorthach thar an gcuntar i Rialachán (AE) Uimh. 648/2012. Ba cheart an cinneadh sin a dhéanamh, dá bhrí sin, i ndáil le socruithe a bhfuil feidhm acu maidir le díorthaigh thar an gcuntar atá faoi réir éarlaisí faoin Lámhleabhar Polasaí.

(8) Tá feidhm ghinearálta ag an Lámhleabhar Polasaí maidir le hidirbhearta díorthach nach bhfuil imréitithe go lárnach idir AInna agus "eintitis faoi chumhdach". Chun críocha an Lámhleabhair Polasaí, ciallaíonn "eintitis faoi chumhdach" contrapháirtithe airgeadais, contrapháirtithe neamhairgeadais suntasacha, nó eintitis eile a d'ainmnigh HKMA, ach nach n-áirítear orthu flaithiúnais, bainc cheannais, eintitis earnála poiblí, bainc forbartha iltaobhacha, agus an Banc um Shocraíochtaí Idirnáisiúnta. Faoin Lámhleabhar Polasaí, tagraíonn "contrapháirtí airgeadais" d'aon eintiteas ar feadh tréimhse bliana ón 1 Meán Fómhair gach bliain go dtí an 31 Lúnasa an bhliain ina dhiaidh sin, má tá ag an eintiteas féin nó ag an ngrúpa lena mbaineann sé meánmhéid barúlach comhiomlán díorthach neamh-imréitithe is mó ná HKD 15 bhilliún, agus ar eintiteas é a bhíonn ag gabháil d'aon cheann de na gníomhaíochtaí seo a leanas den chuid is mó: baincéireacht, gnó urrús, bainistiú scéimeanna cistí pinsin, gnó árachais, oibriú seirbhís seoltán airgid nó seirbhís aistrithe airgid, iasachtú, urrúsú (ach amháin i gcás ina ndéanann an t-eintiteas sainchuspóireach gaolmhar idirbhearta díorthach nach bhfuil imréitithe go lárnach, agus a mhéid a dhéantar é seo,

([4]) ESMA/2013/1369, *Technical advice on third country regulatory equivalence under EMIR* [Comhairle theicniúil maidir le coibhéis rialála tríú tír faoi EMIR] — Hong Cong, Tuarascáil deiridh, an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí, an 1 Deireadh Fómhair 2013.

chun críche fálaithe amháin), bainistiú punainne (lena n-áirítear bainistiú sócmhainní agus bainistiú cistí) agus gníomhaíochtaí atá coimhdeach leis na gníomhaíochtaí a fheidhmiú. Faoin Lámhleabhar Polasaí, tagraíonn "contrapháirtí neamhairgeadais suntasach", d'aon eintiteas seachas contrapháirtí airgeadais ar feadh tréimhse bliana ón 1 Meán Fómhair gach bliain go dtí an 31 Lúnasa den bhliain ina dhiaidh sin, a bhfuil aige féin, nó ag an ngrúpa lena mbaineann sé, meánmhéid barúlach comhiomlán díorthach nach bhfuil imréitithe go lárnach agus is mó ná HKD 60 billiún. Dá bhrí sin, tá an sainmhíniú ar "eintitis faoi chumhdach", ag teacht a bheag nó a mhór leis an sainmhíniú ar "contrapháirtí airgeadais" in Airteagal 2(8) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, ach eisiatar ón sainmhíniú sin, ar an gcaoi chéanna, feithiclí sainchuspóireacha i gcás ina ndéantar an t-idirbheart chun críche fálaithe amháin.

(9) Tá oibleagáidí sa Lámhleabhar Polasaí atá comhchosúil leis na hoibleagáidí dá bhforáiltear in Airteagal 11(1) agus (2) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 agus i Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 149/2013. Go háirithe, i gCaibidil 4 den Lámhleabhar Polasaí ("Caighdeáin um maolú riosca") tá ceanglais shonracha maidir le deimhniú tráthúil, comhbhrú punainne, réiteach punainne, luacháil idirbheart agus réiteach díospóidí is infheidhme maidir le conarthaí díorthach thar an gcuntar nach bhfuil imréitithe ag CPL, ceanglais a bhféadfaí a mheas go bhfuil siad coibhéiseach leis na ceanglais a leagtar amach i ndlí an Aontais.

(10) Maidir le díorthaigh nach bhfuil imréitithe go lárnach agus a chumhdaítear leis an Lámhleabhar Polasaí, ba cheart a mheas, dá bhrí sin, go bhfuil na socruithe dlí, maoirseachta agus forfheidhmiúcháin is infheidhme coibhéiseach leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 11(1) agus (2) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 i leith deimhniú tráthúil, comhbhrú agus réiteach punainne, luacháil agus réiteach díospóide is infheidhme maidir le conarthaí díorthach thar an gcuntar nach bhfuil imréitithe ag CPL.

(11) De bhun an Lámhleabhair Polasaí, ní mór an éarlais athrúcháin a mhalartú, agus ní mór, chomh maith leis sin, an éarlais tosaigh a phostáil agus a bhailiú, i gcás gach idirbhirt díorthach nua nach bhfuil imréitithe go lárnach, cé is moite d'idirbhearta réamh-mhalairte agus babhtálacha airgeadraí eachtracha, idirbhearta réamh-mhalairte arna leabú i mbabhtálacha trasairgeadra a bhaineann le malartú príomhshuime, réamh-chonarthaí tráchtearraí a shocraítear go fisiceach agus, go dtí go bhfógrófar a mhalairt, roghanna aonstoic nach bhfuil imréitithe go lárnach, roghanna bascaed cothromais agus roghanna innéacs cothromais, idir AI agus eintiteas faoi chumhdach de réir an chéimnithe isteach a comhaontaíodh ar leibhéal idirnáisiúnta ar cheart a mheas i dtaca lena thairseacha arna sloinneadh in HDK go bhfuil siad coibhéiseach leis na tairseacha a úsáidtear i Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/2251. Foráiltear in Airteagail 37 agus 38 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/2251 maidir le díolúintí den chineál céanna le haghaidh idirbhearta réamh-mhalairte agus babhtálacha airgeadraí eachtracha a shocraítear go fisiceach agus le haghaidh roghanna cothromais aonstoic nó roghanna innéacs. Dá bhrí sin, níor cheart feidhm a bheith ag an gCinneadh seo ach amháin maidir le conarthaí díorthach thar an gcuntar atá faoi réir ceanglais éarlaise faoi Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 agus faoin Lámhleabhar Polasaí.

(12) I gcomhréir leis an Lámhleabhar Polasaí, glaofar éarlais athrúcháin tráth nach déanaí ná deireadh an lae gnó dár gcionn agus baileofar í tráth nach déanaí ná 2 lá gnó tar éis a ghlaoite. I dtaca le cás ina ndéantar an éarlais athrúcháin a mhalartú de réir minicíochta faoi bhun minicíocht laethúil, luaitear i bhfonóta 64 a ghabhann leis an Lámhleabhar Polasaí gur cheart an líon laethanta idir tráthanna bailithe na héarlaisí athrúcháin a chur leis an tréimhse 10 lá a úsáidtear chun an éarlais tosaigh a ríomh faoi chur chuige na samhla inmheánaí. I gcás ina ndéantar éarlais athrúcháin a mhalartú de réir minicíocht athraitheach idir ríomhanna na méideanna éarlaise tosaigh, is é an líon uasta laethanta idir tráthanna bailithe éarlaise athrúcháin laistigh den tréimhse seo líon na laethanta ba cheart a chur leis an tréimhse 10 lá.

(13) Foráiltear sa Lámhleabhar Polasaí maidir le híosmhéid comhcheangailte aistrithe maidir le suim HKD 3,75 milliún d'éarlais tosaigh agus d'éarlaise athrúcháin, ach foráiltear le hAirteagal 25 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/2251 do mhéid EUR 500 000. I bhfianaise na difríochta imeallaí i luach na méideanna sin agus i bhfianaise an chuspóra choitinn atá ag an Lámhleabhar Polasaí agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/2251, ba cheart a mheas go bhfuil na méideanna sin coibhéiseach.

(14) Na ceanglais sa Lámhleabhar Polasaí maidir le héarlais tosaigh a ríomh, ba cheart a mheas go bhfuil siad coibhéiseach leis na ceanglais a leagtar amach i Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/2251. Amhail an modh caighdeánaithe lena ríomhtar an éarlais tosaigh a leagtar amach in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/2251, is féidir, faoin Lámhleabhar Polasaí, úsáid a bhaint as samhail chaighdeánaithe atá coibhéiseach leis an gcur chuige a leagtar síos san Iarscríbhinn IV sin. Mar mhalairt rogha, féadfar samhlacha inmheánacha nó samhlacha tríú páirtí a úsáid faoin Lámhleabhar Polasaí chun an éarlais tosaigh a ríomh i gcás ina bhfuil sna samhlacha sin paraiméadair shonracha áirithe atá coibhéiseach leis na paraiméadair a leagtar amach i Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/2251, lena n-áirítear íos-eatraimh muiníne agus tréimhsí éarlaise faoi riosca, agus sonraí stairiúla áirithe, lena n-áirítear tréimhsí struis. Ní mór do AInna formheas foirmiúil a lorg ar HKMA roimh úsáid a bhaint as samhail inmheánach nó samhail tríú páirtí (seachas i gcás samhail éarlaise tosaigh atá caighdeánach ar fud an tionscail a d'fhéadfadh AInna a úsáid tar éis fógra a thabhairt do HKMA go bhfuil sé ar intinn acu é sin a dhéanamh agus a ndéanfadh HKMA athbhreithniú iar-chur chun feidhme air).

(15) Na ceanglais sa Lámhleabhar Polasaí maidir le comhthaobhacht incháilithe agus maidir leis an gcaoi a sealbhaítear agus a scartar an chomhthaobhacht sin, tá siad coibhéiseach leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 4 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/2251. Sa Lámhleabhar Polasaí tá liosta coibhéiseach de chomhthaobhacht incháilithe, agus tá ag AInna rialaithe iomchuí a bheith i bhfeidhm acu lena n-áiritheofar nach bhfuil riosca suntasach comhghaolmhaireachta ná riosca suntasach comhchruinnithe i gceist leis an gcomhthaobhacht a bhailítear. Ba cheart comhchruinniú a mheasúnú i dtéarmaí eisitheora aonair, cineáil eisitheora agus cineáil sócmhainne. Dá bhrí sin, rialacha éarlaise maidir le conarthaí díorthach thar an gcuntar nach bhfuil imréitithe ag CPL atá sa Lámhleabhar Polasaí, ba cheart a mheas go bhfuil siad coibhéiseach leis na rialacha dá bhforáiltear faoi Airteagal 11(3) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012.

(16) Maidir leis an leibhéal cosanta don rúndacht oifigiúil, ní mór do Phríomhfheidhmeannach HKMA agus d'fhostaithe HKMA cloí le halt 120(1) de BO d'fhonn an rúndacht a chaomhnú, agus d'fhonn cabhrú le caomhnú na rúndachta, maidir leis na hábhair uile a bhaineann le gnóthaí aon duine a thiocfaidh ar a n-eolas agus aon fheidhm de chuid BO á feidhmiú. Faoi réir eisceachtaí ceadaithe, ní cead dóibh aon ní den sórt sin a chur in iúl do dhuine eile (seachas do dhuine lena mbaineann an t-ábhar sin) ná ní cead dóibh ligean do dhuine eile ná cead a thabhairt do dhuine eile rochtain a fháil ar aon taifead atá ina seilbh, ina gcoimeád nó faoina rialú. Dlífear fíneáil agus príosúnacht a chur ar dhuine a sháróidh aon cheann de na ceanglais sin. Dá bhrí sin, foráiltear in alt 120(1) de BO maidir leis an rúndacht oifigiúil, lena n-áirítear cosaint don fhaisnéis rúnda a roinn HKMA (faoi na tairseacha nochta dhlíthiúil is infheidhme) le tríú páirtithe, ar cheart a mheas go bhfuil sí coibhéiseach leis na cinn a leagtar amach i dTeideal VIII de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012.

(17) Maidir leis na socruithe dlí i dtaca le hidirbhearta ar chonarthaí díorthach nach bhfuil imréitithe go lárnach a mhaoirsiú agus a fhorfheidhmiú go héifeachtach i Hong Cong, is ar HKMA atá an phríomhfhreagracht as faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh an Lámhleabhair Polasaí agus as forfheidhmiú an chomhlíonta sin trína chur chuige riosca-bhunaithe maoirseachta leanúnach maidir le AInna. Áirítear ar na bearta maoirseachta a fhéadfaidh HKMA a dhéanamh, ceangal a chur ar an AI lena mbaineann tuarascáil a chur isteach faoi alt 59(2) de BO chun go sainaithneofar na bunchúiseanna atá le haon easnamh ar chleachtais éarlaise nó ar chleachtais um maolú riosca ar mhaithe lena gceartú amach anseo, agus go n-eiseofar treoracha faoi alt 52 de BO, chuig AI lena gceanglaítear air a chórais rialaithe inmheánaigh a neartú. Thairis sin, léireofar go bhfuiltear ag cloí leis an Lámhleabhar Polasaí trí rátáil CAMEL AI agus/nó trí mheasúnú a dhéanamh ar an bpróiseas athbhreithnithe maoirseachta. I gcás neamhchomhlíonadh suntasach leis an Lámhleabhar Polasaí, d'fhéadfadh sé go dtionscnódh HKMA athbhreithniú chun a fháil amach an bhfuil AI fós ag comhlíonadh na gcritéar údaraithe sa *Seventh Schedule* [an Seachtú Sceideal] a ghabhann le BO agus an bhfuil an bhainistíocht atá air fós cuí cóir dá ról. Thairis sin, tá sé de chumhacht ag HKMA údarú AI a chúlghairm nó a chur ar fionraí, cé gur cumhacht í sin nach bhfeidhmítear go coitianta. Foráiltear maidir leis na cumhachtaí sin i ranna 22(1), 24(1) agus 25(1) de BO. I bhfianaise na bhforálacha sin, ba cheart a mheas go bhforáiltear maidir le cur i bhfeidhm éifeachtach na socruithe ábhartha dlí, rialála agus forfheidhmiúcháin faoin Lámhleabhar Polasaí ar bhealach cothromasach agus neamhshaofa agus go n-áirithítear maoirseacht agus forfheidhmiú éifeachtach atá coibhéiseach leis na socruithe maoirseachta agus forfheidhmiúcháin atá ar fáil faoi chreat dlí an Aontais.

(18) Aithnítear coibhéis na gceanglas ceangailteach a leagtar amach i ndlí Hong Cong maidir le conarthaí díorthach thar an gcuntar is infheidhme an tráth a glacadh an cinneadh seo. Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar bhonn rialta, i gcomhar le ESMA, ar éabhlóid na socruithe dlí, maoirseachta agus forfheidhmiúcháin i dtaca leis na conarthaí díorthach thar an gcuntar sin agus ar a gcur chun feidhme comhsheasmhach éifeachtach, maidir le deimhniú tráthúil, comhbhrú punainne agus réiteach punainne, luacháil, réiteach díospóidí agus na ceanglais éarlaise is infheidhme maidir le conarthaí díorthach thar an gcuntar, nach bhfuil imréitithe ag CPL a ndéantar an Cinneadh seo ina leith. Mar chuid d'iarrachtaí faireacháin an Choimisiún, féadfaidh sé a iarraidh ar HKMA faisnéis a sholáthar maidir le forbairtí rialála agus maoirseachta. Féadfaidh an Coimisiún athbhreithniú sonrach a dhéanamh tráth ar bith i gcás ina bhfágfaidh forbairtí ábhartha gur gá don Choimisiún athmheasúnú a dhéanamh ar an dearbhú coibhéise a dheonaítear leis an gCinneadh seo. D'fhéadfadh sé go n-aisghairfí an Cinneadh seo de thoradh an athmheasúnaithe sin, rud a d'fhágfadh go huathoibríoch go mbeadh contrapháirtithe arís faoi réir na gceanglas uile a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 648/2012.

(19) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste Eorpach um Urrúis,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Chun críocha Airteagal 13(3) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, socruithe dlí, maoirseachta agus forfheidhmiúcháin Hong Cong i dtaca le deimhniú tráthúil, comhbhrú agus réiteach punainne, luacháil agus réiteach díospóidí is infheidhme maidir le hidirbhearta a rialaítear mar dhíorthaigh thar an gcuntar ag an Hong Kong Monetary Authority ("HKMA") agus nach bhfuil imréitithe go lárnach ag contrapháirtí lárnach, measfar iad a bheith coibhéiseach leis na ceanglais a leagtar amach i míreanna 1 agus 2 d'Airteagal 11 den Rialachán sin, i gcás inar institiúid údaraithe mar a shainmhínítear in alt 2(1) den *Banking Ordinance* [Reacht Baincéireachta] ar a laghad contrapháirtí amháin de na contrapháirtithe, institiúid atá faoi réir na gceanglas um maolú riosca a leagtar amach in Supervisory Policy Manual HKMA, modúl CR-G-14 de dar teideal *Non-centrally Cleared OTC Derivatives Transactions – Margin and Other Risk Mitigation Standards* [Idirbhearta Díorthach Thar an gCuntar Nach bhFuil Imréitithe go Lárnach – Caighdeáin maidir le hÉarlais agus le Maolú Riosca Eile].

Airteagal 2

Chun críocha Airteagal 13(3) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, socruithe dlí, maoirseachta agus forfheidhmiúcháin Hong Cong i dtaca le malartú comhthaobhachta is infheidhme maidir le hidirbhearta díorthach nach bhfuil imréitithe go lárnach agus atá faoi rialú HKMA, measfar iad a bheith coibhéiseach leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 11(3) den Rialachán sin.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 5 Iúil 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN